Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**9950/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0156(COD)**

**EF 176**
**ECOFIN 677**
**SURE 14**
**CCG 33**
**CODEC 692**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 283 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe áirithe ar an gcreat urrúsaithe chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 283 final.

Faoi iamh: COM(2020) 283 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2020
COM(2020) 283 final

2020/0156 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe áirithe ar an gcreat urrúsaithe chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2020) 120}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Bunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar a dtugtar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (dá ngairtear "CRR" anseo feasta), in éineacht le Treoir 2013/36/AE[2], ar a dtugtar an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil (dá ngairtear "CRD" anseo feasta), an creat rialála stuamachta le haghaidh institiúidí creidmheasa atá ag feidhmiú san Aontas. Glacadh CRR agus CRD tar éis ghéarchéim airgeadais 2008-2009 chun cur le hathléimneacht na n-institiúidí atá ag feidhmiú in earnáil airgeadais an Aontais, gníomhartha atá bunaithe den chuid is mó ar chaighdeáin dhomhanda a comhaontaíodh le comhpháirtithe idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB).

Leasaíodh CRR roinnt uaireanta ina dhiaidh sin chun dul i ngleic le laigí a bhí fós sa chreat rialála stuamachta agus chun go gcuirfí chun feidhme roinnt eilimintí den athchóiriú domhanda ar sheirbhísí airgeadais nár cuireadh chun feidhme go fóill, eilimintí atá ríthábhachtach chun athléimneacht na n-institiúidí a áirithiú. Le sraith leasuithe atá i Rialachán (AE) 2017/2401[3], cuireadh chun feidhme an creat urrúsaithe athbhreithnithe a ghlac CBMB i mí na Nollag 2014[4] ("an creat Basel athbhreithnithe"). Ceapadh an creat Basel athbhreithnithe chun castacht na gceanglas caipitil rialála is infheidhme an tráth sin a laghdú, chun aird níos fearr a thabhairt ar na priacail a bhaineann le suímh in urrúsú agus chun cead a thabhairt d'institiúidí ceanglais chaipitil a chinneadh trí bhíthin a ríomhanna féin agus ar bhonn na faisnéise atá ar fáil d'institiúidí, agus ar an gcaoi sin an spleáchas ar rátálacha seachtracha a laghdú.

Chun forbairt mhargadh urrúsúcháin an Aontais atá ar ardchaighdeán agus bunaithe ar dhea-chleachtais a chur chun cinn, bhí leasuithe i Rialachán (AE) 2017/2401 arbh é ab aidhm dóibh foráil a dhéanamh maidir le láimhseáil rialála atá níos íogaire ó thaobh priacal de i dtaca le hurrúsuithe simplí trédhearcacha caighdeánaithe (STS), i gcomhréir leis na caighdeáin um láimhseáil mhalartach caipitil i dtaca le hurrúsuithe "simplí trédhearcacha inchomparáide" a d'fhoilsigh CBMB i mí Iúil 2016[5]. Leagtar síos na critéir cháilitheachta maidir le hurrúsuithe STS i Rialachán (AE) 2017/2402[6] ina ndéantar foráil freisin maidir le tacar ceanglas coitianta i leith coinneáil phriacail, dícheall cuí agus nochtadh i gcás na n-earnálacha airgeadais uile.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1 ).

[2] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

[3] Rialachán (AE) 2017/2401 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 347, 28.12.2017, lch. 1).

[4] http://www.bis.org/bcbs/publ/d303.pdf

[5] https://www.bis.org/bcbs/publ/d374.pdf

[6] Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus

Tá tionchar leitheadach á imirt ar an ngeilleagar ag an suaitheadh tromchúiseach eacnamaíoch arbh iad paindéim COVID-19 agus na bearta srianta eisceachtúla ba chúis léi. Tá aghaidh á tabhairt ag gnólachtaí ar chur isteach ar shlabhraí soláthair, gnóthaí a bheith ag dúnadh go sealadach agus éileamh laghdaithe, agus ag teaghlaigh ar dhífhostaíocht agus laghdú ioncaim. Tá bearta cinntitheacha déanta ag údaráis phoiblí ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát chun tacú le teaghlaigh agus gnóthais shócmhainneacha an fód a sheasamh in aghaidh an mhoillithe thromchúisigh sin ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, ar moilliú sealadach é, agus in aghaidh na nganntanas leachtachta a eascróidh as. A bhuí leis na hathchóirithe a rinneadh tar éis ghéarchéim airgeadais 2008, tá institiúidí creidmheasa dea-chaipitlithe agus i bhfad níos athléimní sa lá inniu ná mar a bhí in 2008. Cuireann sin ar a gcumas ról ríthábhachtach a ghlacadh maidir leis an suaitheadh eacnamaíoch a eascraíonn as paindéim COVID-19 a bhainistiú. Mar sin féin, is cinnte go n-imreofar tionchar ar earnáil na baincéireachta de dheasca éiginnteacht maidir le luas an téarnaimh i ngníomhaíocht eacnamaíoch, lena n-áirítear an méadú a mheastar a thiocfaidh ar an méid iasachtaí neamhthuillmheacha i ngeall ar an gcúlú mór eacnamaíochta de dheasca ghéarchéim COVID-19.

Is féidir ról tábhachtach a bheith ag an urrúsú maidir le feabhas a chur ar chumas institiúidí tacú leis an téarnamh eacnamaíoch, agus uirlis éifeachtach chistiúcháin agus éagsúlaithe priacal a sholáthar d'institiúidí. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach i gcomhthéacs an téarnaimh eacnamaíoch i ndiaidh phaindéim COVID-19 go n-athneartófar an ról sin agus go gcuideofar le hinstitiúidí a bheith in ann caipiteal leordhóthanach a dhíriú i dtreo an fhíorgheilleagair. Chun cur leis an obair a rinne an t-Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) le déanaí, is féidir an toradh sin a bhaint amach le trí leasú spriocdhírithe arb é is aidhm dóibh íogaireacht i leith priacal fhoriomlán chreat urrúsaithe an Aontais a mhéadú, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé ní b'inmharthana, ó thaobh na heacnamaíochta de, d'institiúidí dul ar iontaoibh na huirlise urrúsaithe laistigh de chreat stuamachta leordhóthanach chun cobhsaíocht airgeadais an Aontais a chosaint.

Ar an gcéad dul síos, is gá foráil a dhéanamh maidir le láimhseáil níos íogaire i dtaca le hurrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe, i gcomhréir le moladh ÚBE a bhí san áireamh ina thuarascáil *Report on STS framework for synthetic securitisation* [Tuarascáil ar chreat STS maidir le hurrúsú sintéiseach][7]. Moltar sa tuarascáil go mbunófar creat trasearnála de chuid an Aontais maidir le hurrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe atá teoranta d'urrúsú sintéiseach laistigh den chlár a bheidh bunaithe ar shraith critéar incháilitheachta, moladh atá bunaithe ar anailís fhairsing ar fhorbairtí agus treochtaí an mhargaidh urrúsúcháin shintéisigh laistigh den chlár comhardaithe san Aontas, lena n-áirítear sonraí maidir le feidhmíocht stairiúil i dtaobh mainneachtana agus caillteanais na n-idirbheart sintéiseach. Moltar ann freisin láimhseáil stuamachta dhifreáilte spriocdhírithe i dtaca le risíochtaí ar urrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe, agus an laghdú ar phriacal gníomhaireachta agus ar phriacal samhaltaithe á chur san áireamh, go háirithe i gcomparáid le risíochtaí ar urrúsú neamh-STS laistigh den chlár comhardaithe.

Aithnítear ailíniú na láimhseála stuamachta go forleathan mar chéim riachtanach chun tuilleadh spreagtha a thabhairt d'institiúidí na costais arna dtabhú agus critéir STS á gcomhlíonadh a sheasamh agus iad i mbun na hidirbhearta urrúsaithe a struchtúrú.

Ar an dara dul síos, na srianta rialála atá ann cheana ar urrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha agus ar dlúthchuid iad den chreat atá ann faoi láthair, is gá na srianta sin a bhaint. Mar a cuireadh i dtábhacht i dTuairim 2019/13 ó ÚBE maidir le láimhseáil rialála na n-urrúsuithe

---

Treoir 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

[7] ÚBE/OP/2020/07 an 6 Bealtaine 2020.

risíochtaí neamhthuillmheacha[8], ní ionchorpraítear leis an gcreat atá ann faoi láthair saintréithe an urrúsaithe risíochtaí neamhthuillmheacha, rud a fhágann go bhfuil ceanglais chaipitil iomarcacha ann maidir leis an gcatagóir risíochtaí sin, go háirithe faoi Chur Chuige na Rátálacha Inmheánacha i leith an Urrsúsaithe (SEC-IRBA) agus faoin gCur Chuige Caighdeánaithe Urrúsaithe (SEC-SA). Tá an creat róchoimeádach toisc gur ceapadh é ag féachaint do spreagaithe priacal sonracha na n-iasachtaí tuillmheacha, agus ag féachaint dóibh sin amháin. Dá bhrí sin, beartaítear láimhseáil na n-urrúsuithe risíochtaí neamhthuillmheacha a leasú trí fhoráil a dhéanamh maidir le cur chuige simplí leorchoimeádach atá bunaithe ar ualú priacal comhréidh 100 % is infheidhme maidir leis an tráinse is sinsearaí d'urrúsuithe traidisiúnta risíochtaí neamhthuillmheacha agus atá bunaithe ar íosráta 100 % a chur i bhfeidhm ar ualuithe priacal aon tráinse eile d'urrúsuithe risíochtaí neamhthuillmheacha, bíodh siad traidisiúnta nó sintéiseach laistigh den chlár, agus an tráinse sin faoi réir an chreata ghinearálta fós maidir le risíochtaí a ualaítear ó thaobh priacal a ríomh. Tá an láimhseáil atá beartaithe ailínithe le príomheilimintí an chur chuige a bhfuil bailchríoch á cur air faoi láthair ag CBMB.

Ar an tríú dul síos, beartaítear Airteagal 249(3) a leasú, airteagal lena dtugtar isteach critéar breise incháilitheachta i ndáil le haithint na cosanta neamhchistithe creidmheasa i gcás institiúidí a bhfuil an cur chuige caighdeánaithe á chur i bhfeidhm acu chun ceanglais chaipitil maidir le risíochtaí ar urrúsú a ríomh. Go sonrach, leis an gcritéar sin cuirtear ceanglas íosrátála creidmheasa ar nach mór gach[9] cineál soláthraí cosanta neamhchistithe creidmheasa, lena n-áirítear rialtais láir. Tá an chuma air go bhfuil an fhoráil sin i neamhréir leis na rialacha ginearálta maidir le maolú priacal creidmheasa a leagtar amach in CRR, le cuspóirí an Rialacháin sin, agus leis na caighdeáin idirnáisiúnta nua a leagtar amach i gcreat athbhreithnithe Basel III nach gcuirtear ceanglas íosrátála creidmheasa i bhfeidhm ann ach ar thacar teoranta soláthraithe cosanta i gcás risíochtaí ar urrúsú. Cuirfidh an leasú sin feabhas ar éifeachtacht scéimeanna náisiúnta ráthaíochta poiblí a thugann cúnamh do straitéisí institiúidí chun risíochtaí neamhthuillmheacha a urrúsú i ndiaidh phaindéim COVID-19.

Cuirfidh na hathruithe beartaithe sin, in éineacht leis na hathruithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) 2017/2402, ar a gcumas d'institiúidí méid ard iasachtaithe sa gheilleagar a choinneáil ar bun sna míonna amach romhainn agus dá bhrí sin déanfaidh siad rannchuidiú tábhachtach maidir leis an suaitheadh a bhaineann le géarchéim COVID-19 a ionsú.

Dá bhrí sin, agus i gcomparáid leis an gcreat rialála atá ann faoi láthair, déanfaidh na hathruithe ról an urrúsaithe a athneartú mar uirlis atá ar fáil d'institiúidí chun a n-acmhainneacht iasachtaithe a choinneáil agus a fheabhsú fiú, ar dhá bhealach:

- trí dhul in iontaoibh na teicníce sin a éascú chun scaradh go pras le risíochtaí neamhthuillmheacha ar féidir coinne a bheith leis go bhfásfaidh siad i ndiaidh na géarchéime. Ar an gcaoi sin, beidh institiúidí in ann an priacal a scaipeadh ar bhealach níos fearr chuig gníomhaithe airgeadais eile agus ar deireadh srianta caipitil rialála a laghdú, srianta a eascraíonn as tionchar an mhéid aird risíochtaí neamhthuillmheacha, agus ardchaighdeáin stuamachta á gcoimeád ag an am céanna; agus
- maidir le láimhseáil an tráinse is sinsearaí atá i seilbh na hinstitiúide tionscnóra i gcás urrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe, trí láimhseáil níos íogaire ó thaobh priacal de a chur chun feidhme. Faoi mar a luaigh go leor páirtithe leasmhara, níor leor *per se* critéir incháilitheachta STS a fhorbairt chun an cuspóir a bhaint amach go mbeadh sé inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de na critéir sin a chomhlíonadh

[8] ÚBE/OP/2019/13 an 23 Deireadh Fómhair 2019.
[9] Is iad contrapháirtithe lárnacha an t-aon eisceacht amháin.

mura mbeadh láimhseáil stuamachta ní b'íogaire ó thaobh priacal de i réimse na gceanglas caipitil san áireamh agus na critéir nua á dtabhairt isteach, láimhseáil lena dtabharfaí aird níos fearr ar shaintréithe na gceanglas sin.

Leagtar amach sa togra reatha láimhseáil níos íogaire ó thaobh priacal de i dtaca le hurrúsuithe risíochtaí neamhthuillmheacha agus i dtaca leis an tráinse is sinsearaí d'urrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe, agus na critéir incháilitheachta maidir leis na hurrúsuithe den dara saghas sin i Rialachán (AE) 2017/2402, chomh maith le forálacha trasearnála eile.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tugtar isteach leis an togra seo leasuithe ar an reachtaíocht atá ann cheana. Tá na leasuithe sin go hiomlán comhsheasmhach leis na forálacha beartais atá ann cheana i réimse na gceanglas stuamachta i leith institiúidí agus a maoirseachta, lena n-áirítear an tuairim ó ÚBE *Opinion on the regulatory treatment of NPEs* [Tuairim ar láimhseáil rialála na risíochtaí neamhthuillmheacha], an tuarascáil ó UBE *Report on STS framework for synthetic securitisation* [Tuarascáil maidir le creat STS um urrúsú sintéiseach], an togra ón gCoimisiún chun Rialachán (AE) 2017/2402 a leasú, togra a glacadh an tráth céanna leis an togra seo, agus an Tuarascáil Chríochnaitheach ón bhFóram Ardleibhéil maidir le hAontas na Margaí Caipitil dar teideal *A new vision for Europe's capital markets* [Fís nua maidir le margaí caipitil na hEorpa][10].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo mar chuid de fhreagairt níos leitheadaí an Choimisiúin Eorpaigh ar phaindéim COVID-19. Tá an fhreagairt sin ríthábhachtach maidir le héifeachtacht na mbeart a áirithiú, ar bearta iad arna nglacadh ag na Ballstáit, ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an mBanc Ceannais Eorpach. Tá sí go hiomlán comhsheasmhach leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le gnéithe eacnamaíocha de ghéarchéim an choróinvíris a eisíodh an 13 Márta 2020[11], chomh maith leis an Teachtaireacht *COVID 19 – Economic package – Using every available Euro* [COVID 19 – Pacáiste eacnamaíoch – Gach Euro atá ar fáil a úsáid] a seoladh an 2 Aibreán 2020[12], an Teachtaireacht *Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation* [Seo uain na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú le haghaidh na chéad ghlúine eile][13], an Teachtaireacht Léirmhínitheach maidir le cur i bhfeidhm na gcreataí cuntasaíochta agus

---

10 https://ec.europa.eu/info/files/200610-cmu-high-level-forum-final-report_en

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta agus chuig an nGrúpa Euro maidir le Freagairt eacnamaíoch chomhordaithe ar ráig COVID-19, COM(2020) 112 final an 13.03.2020.

12 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an bhFreagairt ar an gCoróinvíreas – Gach Euro atá ar fáil a úsáid ar gach bealach is féidir chun beatha daoine agus slite beatha a chosaint, COM(2020) 143 final an 02.04.2020.

13 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Seo uain na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú le haghaidh na chéad ghlúine eile, COM(2020) 456 final an 27.5.2020.

stuamachta chun iasachtú bainc san Aontas a éascú[14] a eisíodh an 28 Aibreán 2020 agus Rialachán (AE) 2020/873[15].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), an bunús dlí céanna atá leis an ngníomh reachtach atá á leasú.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Na cuspóirí a shaothraítear leis na leasuithe atá beartaithe, mar atá cumas institiúidí creidmheasa a uasmhéadú maidir le hiasachtaí a thabhairt agus caillteanais a bhaineann le paindéim COVID-19 a ionsú, agus athléimneacht leanúnach na n-institiúidí sin a áirithiú ag an am céanna, is fearr is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais seachas trí thionscnaimh náisiúnta éagsúla toisc gur coigeartuithe iad ar dhlíthe de chuid an Aontais arb ann dóibh cheana mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Is ionann na fadhbanna agus na bunchúiseanna atá leo ar fud na mBallstát ar fad. Murach gníomhaíocht ón Aontas ní bheadh an creat rialála atá ann chomh héifeachtach céanna maidir le tacú leis na bearta éagsúla atá déanta ag údaráis phoiblí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, ná ní bheadh sé chomh frithghníomhach maidir le dúshláin eisceachtúla margaidh.

Tá srian ar chumas na mBallstát bearta náisiúnta a ghlacadh, ós rud é go rialaíonn CRR na cúrsaí sin cheana agus go dtiocfadh athruithe ar an leibhéal náisiúnta salach ar dhlí an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair. Dá n-éireodh an tAontas as na gnéithe sin a rialáil, thiocfadh an margadh inmheánach do sheirbhísí baincéireachta faoi réir sraitheanna éagsúla rialacha, rud arb é ilroinnt an toradh a bheadh air agus ar rud é a bhainfeadh an bonn den leabhar rialacha aonair a cruthaíodh le déanaí sa réimse sin.

- **Comhréireacht**

Teastaíonn an ghníomhaíocht seo ón Aontas chun go mbainfear amach an cuspóir go n-uasmhéadófar cumas institiúidí iasachtaí a thabhairt agus caillteanais a ionsú le linn phaindéim COVID-19, agus go gcoinneofar comhsheasmhacht an chreata stuamachta ag an am céanna. Ní théann na leasuithe atá beartaithe níos faide ná aghaidh a thabhairt ar fhorálacha áirithe i gcreat stuamachta an Aontais le haghaidh institiúidí, forálacha nach ndíríonn ach ar bhearta arb é is aidhm dóibh téarnamh ó phaindéim reatha COVID-19 a áirithiú. Thairis sin, tá na leasuithe atá beartaithe teoranta do na saincheisteanna sin nach féidir aghaidh a thabhairt orthu taobh istigh den chorrlach lánroghnach dá bhforáiltear leis na rialacha reatha.

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Teachtaireacht Léirmhínitheach ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na gcreataí cuntasaíochta agus stuamachta chun iasachtaí bainc san Aontas a éascú – Tacú le gnólachtaí agus teaghlaigh le linn COVID-19, COM(2020)169 final an 28.04.2020.

[15] Rialachán (AE) 2020/873 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2019/876 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe áirithe mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 204, 26.6.2020, lch. 4).

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Níl measúnú tionchair ar leithligh ag gabháil leis an togra seo. Mar gheall ar an bpráinn atá leis na bearta atá le déanamh chun cabhrú leis an téarnamh i ndiaidh na géarchéime a bhaineann leis na margaí airgeadais agus leis an bhfíorgheilleagar de dheasca phaindéim COVID-19, cuireadh measúnú costais is tairbhe a bhí sa Doiciméad Inmheánach Oibre a thacaíonn leis an bPacáiste um Théarnamh na Margaí Caipitil in ionad an mheasúnaithe tionchair. Tá sé bunaithe freisin den chuid is mó ar obair ullmhúcháin a rinne ÚBE. Thairis sin, rinneadh anailís ar thionchar na mbeart atá á leasú leis an togra seo sna measúnuithe tionchair a rinneadh le haghaidh Rialachán (AE) 2017/2401. Is é is príomhaidhm don togra calabrú na gceanglas caipitil a mhionchoigeartú maidir le risíochtaí ar urrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe agus risíochtaí neamhthuillmheacha ar urrúsú.

Bheadh tionchar teoranta ag na leasuithe atá beartaithe ar an ualach riaracháin atá ar institiúidí agus ar na costais a bheadh orthu a n-oibríochtaí inmheánacha a chur in oiriúint, agus coinne leis go ndéanfar costais a fhritháireamh le sochair arna ndíorthú i dtéarmaí infhaighteachta caipitil. Baineann na leasuithe atá beartaithe le forálacha lena gcuirtear ar chumas institiúidí láimhseálacha níos fabhraí a úsáid, ach nach bhforchuireann orthu a leithéid de láimhseálacha.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dócha go mbeidh tionchar díreach ag an togra ar na cearta dá bhforáiltear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar buiséadach ag an togra ar institiúidí an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

(a) Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

(1) Na constaicí rialála ar urrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha a bhaint

Tá creat rialála reatha an Aontais um urrúsú ceaptha ar bhealach lena bhféadfaí na gnéithe is comónta de ghnáth-idirbhearta urrúsaithe a chur san áireamh, i.e. urrúsuithe atá bunaithe ar chomhthiomsuithe iasachtaí tuillmheacha. Chun bheith níos cruinne, úsáideann an creat rialála atá ann faoi láthair priacal creidmheasa na risíochtaí urrúsaithe mar phríomhspreagaí rialála, agus fachtóirí "neamhneodrachta" á gceartú ag an am céanna chun na priacail ghníomhaireachta agus na priacail de bharr samhaltaithe a bhaineann go sonrach le hurrúsuithe a ionchorprú. Nuair a chuirtear an creat sin i bhfeidhm ar urrúsuithe risíochtaí neamhthuillmheacha, eascraíonn ceanglais chaipitil as an gcreat, ceanglais a cruthaíodh a bheith díréireach, go háirithe maidir leis na "cineálacha foirmleacha cur chuige" mar a thugtar orthu (i.e. SEC-IRBA agus SEC-SA). Is amhlaidh atá mar nach bhfuil calabrú na gcineálacha cur chuige sin comhsheasmhach leis na spreagaithe priacal a bhaineann go sonrach le risíochtaí neamhthuillmheacha.

Bíonn SEC-IRBA agus SEC-SA ag brath ar fhaisnéis chainníochtúil maidir le priacal creidmheasa atá bunaithe ar oll-luach de réir leabhar na risíochtaí a áirítear sa chomhthiomsú agus, dá thoradh sin, eascraíonn ualuithe priacal astu, ualuithe priacal atá ró-ard i gcomparáid

leis na hualuithe priacal is infheidhme faoi Chur Chuige na Rátálacha Inmheánacha i leith an Urrsúsaithe (SEC-ERBA). Tá an tionchar atá ar na tráinsí is sinsearaí d'urrúsuithe risíochtaí neamhthuillmheacha níos géire fós faoi SEC-IRBA agus faoi SEC-SA, agus na tráinsí sin faoi réir ualuithe priacal atá níos mó, ar bhonn comhréireach, ná i gcás tráinsí eile.

Leis an Rialachán atá beartaithe, in Airteagal 269a nua, thabharfaí isteach creat nua um urrúsuithe neamhthuillmheacha ina mbeadh:

- an tráinse is sinsearaí d'urrúsú traidisiúnta risíochtaí neamhthuillmheacha faoi réir ualú priacal comhréidh 100 %, ar choinníoll gurb ionann an lascaine ceannaigh neamh-in-aisíoctha agus 50 % ar a laghad d'oll-luach de réir leabhar na risíochtaí; agus
- na tráinsí eile go léir d'urrúsuithe risíochtaí neamhthuillmheacha faoi réir an chreata ghinearálta ach le dhá choigeartú shonracha:
    - bheadh feidhm ag íosráta 100 % ar an ualú priacal; agus
    - bheadh toirmeasc ar úsáid pharaiméadair bunaithe ar chur chuige IRB, mar a thugtar air, i gcás risíochtaí ar urrúsú atá incháilithe maidir le SEC-IRBA a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 254 de CRR.

Ar deireadh, i gcomhréir leis an moladh a bhí i dtuairim ÚBE 2019, dhéanfaí é a shoiléiriú gur cheart na caillteanais ionchasacha dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 268 de CRR a ríomh glan lúide an lascaine ceannaigh neamh-in-aisíoctha agus lúide aon choigeartú sonrach breise i leith priacal creidmheasa nuair a chuireann institiúidí an uasteorainn dá bhforáiltear san Airteagal sin a chur i bhfeidhm maidir le suímh laistigh d'urrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha atá ina seilbh acu.

D'fhonn a bheith incháilithe le haghaidh na láimhseála sonraí a ndéantar cur síos uirthi thuas, úsáidfí san Airteagal nua an sainmhíniú ar an téarma "urrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha" atá i Rialachán (AE) 2017/2402, i.e. urrúsú ina bhfuil ar a laghad 90 % de na risíochtaí sa chomhthiomsú foluiteach neamhthuillmheach de réir bhrí Airteagal 47a de CRR.

(2) Láimhseáil fhabhrach an tráinse is sinsearaí d'urrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe

Le hurrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe, ceadaítear do hinstitiúidí priacal creidmheasa a aistriú trí chosaint chreidmheasa chistithe nó neamhchistithe arna ceannach nó arna deonú ag infheisteoirí, agus sa chaoi sin acmhainneacht a shaoradh maidir le hiasachtú nua san fhíorgheilleagar agus comhroinnt priacal níos éifeachtúla i measc gníomhaithe airgeadais a áirithiú.

Ní áirítear sa chreat urrúsaithe atá ann faoi láthair, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2402, aon chineál urrúsaithe shintéisigh laistigh den chlár comhardaithe i gcóras STS. Is iad na príomhchúiseanna atá leis sin nach raibh sonraí córasacha ar fáil agus go raibh easpa ann maidir le hobair ullmhúcháin theicniúil leordhóthanach tráth glactha an Rialacháin sin. Leis an Rialachán maidir le hUrrúsú Simplí Trédhearcach Caighdeánaithe, ceanglaítear ar ÚBE tuarascáil a ullmhú maidir le hinmharthanacht chreat STS um urrúsuithe sintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe. Leis an tuarascáil ó ÚBE, a foilsíodh an 6 Bealtaine 2020, soláthraítear na sonraí agus an anailís theicniúil is gá chun údar cuí a thabhairt do bhunú an chreata sin. Mar a moladh sa tuarascáil ó ÚBE, cloíonn na critéir STS nua maidir le hurrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe le struchtúr chritéar STS arb ann dóibh cheana maidir le hurrúsú traidisiúnta cláir thráchtála nach bhfuil sócmhainn-bhunaithe, critéir a tugadh isteach i gcreat nua urrúsaithe an Aontais in 2017, i.e. áirítear leo ceanglais maidir le simplíocht,

caighdeánú agus trédhearcacht atá curtha in oiriúint do shonraíochtaí an urrúsaithe shintéisigh laistigh den chlár comhardaithe, i gcás inarb iomchuí.

Ina theannta sin, áirítear leis na critéir roinnt ceanglas nach mbaineann go sonrach ach le hurrúsú sintéiseach laistigh den chlár comhardaithe, amhail ceanglais lena maolaítear an priacal creidmheasa contrapháirtí a bhfuil dlúthbhaint aige leis na struchtúir shintéiseacha sin, lena n-áirítear ceanglais maidir le conarthaí cosanta incháilithe, contrapháirtithe agus comhthaobhacht, ceanglais lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe struchtúracha éagsúla den idirbheart urrúsaithe agus ceanglais lena n-áirithítear nach ndírítear an creat ach ar urrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe.

Le hAirteagal 270 de CRR, ní cheadaítear láimhseáil shonrach ach i dtaca le fothacar urrúsuithe sintéiseacha laistigh den chlár comhardaithe, eadhon iad sin a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) nach mór gur risíochtaí ar FBManna iad 70 % de na risíochtaí urrúsaithe;

(b) nach mór don urrúsú na critéir thraidisiúnta STS a chomhlíonadh mar is infheidhme maidir le hurrúsú sintéiseach laistigh den chlár comhardaithe;

(c) nach mór an priacal creidmheasa nach gcoinníonn an tionscnóir a aistriú trí ráthaíocht, nó trí chontraráthaíocht a chomhlíonann roinnt ceanglas.

Mar thoradh ar na moltaí sa tuarascáil ó ÚBE, beartaítear freisin láimhseáil fhabhrach spriocdhírithe atá teoranta ó thaobh raon feidhme de a thabhairt isteach i dtaca le risíochtaí ar urrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe, láimhseáil lena ndíreofar ar an tráinse is sinsearaí. Dhéanfaí an méid sin tríd an láimhseáil dá bhforáiltear faoi láthair in Airteagal 270 de CRR a leathnú amach chuig raon ní ba leithne sócmhainní foluiteacha.

(3) Maolú priacal creidmheasa a aithint le haghaidh suíomh urrúsúcháin

De réir Airteagal 249(1) agus Airteagal 249(2) de CRR, féadfaidh institiúid cosaint chreidmheasa chistithe nó neamhchistithe a aithint i ndáil le suíomh urrúsúcháin ar an mbealach céanna agus faoi na coinníollacha céanna dá bhforáiltear sa chreat ginearálta um maolú priacal creidmheasa is infheidhme maidir le risíochtaí neamhurrúsaithe. Le mír 3 den Airteagal sin, áfach, tugtar isteach eisceacht ón láimhseáil ghinearálta sin. Go sonrach, tugtar isteach leis critéar breise incháilitheachta i ndáil le haithint na cosanta neamhchistithe creidmheasa le haghaidh institiúidí a bhfuil an cur chuige caighdeánaithe á chur i bhfeidhm acu. Is éard atá sa chritéar breise incháilitheachta ceanglas íosrátála creidmheasa maidir le nach mór gach cineál soláthraí cosanta neamhchistithe creidmheasa, lena n-áirítear rialtais láir.

Tá an chuma air go bhfuil an fhoráil sin i neamhréir leis na rialacha ginearálta maidir le maolú priacal creidmheasa a leagtar amach in CRR agus le cuspóirí an Rialacháin sin. Go deimhin, ní léir, mar shampla, i gcás ráthaíocht arna soláthar ag institiúid nó ag rialtas láir, ráthaíocht a chomhlíonann na critéir incháilitheachta maidir le soláthraithe cosanta atá sna rialacha ginearálta i ndáil le maolú priacal creidmheasa ach nach gcomhlíonann an critéar íosrátála creidmheasa in Airteagal 249(3) de CRR, cén fáth nach féidir glacadh le ráthaíocht den chineál sin mar mhaolú incháilithe priacal creidmheasa faoin gcreat urrúsaithe, ach gur féidir glacadh léi mar mhaolú incháilithe priacal creidmheasa nuair a dhéantar é a soláthar le haghaidh risíocht neamhurrúsaithe. I ndáil leis an méid sin, le creat athbhreithnithe Basel III, a comhaontaíodh i mí na Nollag 2017, ní chuirtear ceanglas íosrátála creidmheasa ach ar thacar teoranta soláthraithe cosanta i gcás risíochtaí ar urrúsú. Go sonrach, i gcreat athbhreithnithe Basel III, níl feidhm ag an gceanglas ach le heintitis nach eintitis cheannasacha, eintitis earnála poiblí, institiúidí ná institiúidí airgeadais eile atá rialaithe go stuamachta iad.

I bhfianaise na n-eilimintí sin agus i bhfianaise a ábhartha a bhféadfadh scéimeanna ráthaíochta poiblí a bheith chun cuidiú le hurrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha le linn chéim an téarnaimh, beartaítear Airteagal 249(3) de CRR a leasú agus na rialacha maidir le maolú priacal creidmheasa is infheidhme maidir le risíochtaí ar urrúsú a ailíniú leis an gcreat ginearálta i gcomhréir leis an méid a comhaontaíodh ar an leibhéal idirnáisiúnta ag CBMB.

2020/0156 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe áirithe ar an gcreat urrúsaithe chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá paindéim COVID-19 ag déanamh difear ollmhór do dhaoine, do chuideachtaí, do chórais sláinte agus do gheilleagair na mBallstát. Ina theachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 27 Márta 2020 dar teideal "Seo uain na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú le haghaidh na chéad ghlúine eile", chuir an Coimisiún i dtábhacht gur dúshlán leanúnach a bheidh sa leachtacht agus sa rochtain ar mhaoiniú sna míonna amach romhainn. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach tacaíocht a thabhairt don téarnamh ón suaitheadh tromchúiseach eacnamaíoch arbh í paindéim COVID-19 ba chúis léi trí leasuithe spriocdhírithe a thabhairt isteach ar an reachtaíocht airgeadais atá ann cheana. Glactar an pacáiste beart seo faoin teideal "Pacáiste Téarnaimh um Margaí Caipitil".

(2) Beidh ról lárnach ag institiúidí agus ag gnólachtaí infheistíochta ("institiúidí") ó thaobh cur leis an téarnamh de. Ag an am céanna, is dócha go mbeidh siad féin buailte ó tharla an staid eacnamaíoch a bheith ag dul in olcas. Tá tacaíocht shealadach, i bhfoirm caipitil, leachtachta agus faoisimh oibríochtúla, curtha ar fáil ag údaráis inniúla chun a áirithiú gur féidir le hinstitiúidí leanúint dá ról a chomhlíonadh i dtaca leis an bhfíorgheilleagar a chistiú i dtimpeallacht atá níos dúshlánaí.

(3) Cuid thábhachtach de mhargaí airgeadais dea-fheidhmiúla is ea urrúsuithe sa mhéid go gcuireann siad le héagsúlú na bhfoinsí cistiúcháin a bhíonn ag institiúidí agus go gcuireann siad le scaoileadh caipitil rialála ar féidir é a ath-leithdháileadh ina dhiaidh sin chun tacú le tuilleadh iasachtaithe. Lena chois sin, cuireann urrúsuithe tuilleadh deiseanna infheistíochta ar fáil d'institiúidí agus do rannpháirtithe margaidh eile ionas

gur féidir na punanna a éagsúlú agus ionas go gcuireann siad le sreabhadh cistithe chuig gnólachtaí agus chuig daoine aonair laistigh de na Ballstáit agus ar bhonn trasteorann ar fud an Aontais araon.

(4) Maidir le cumas institiúidí sreabhadh an chistithe is gá a sholáthar don fhíorgheilleagar i ndiaidh phaindéim COVID-19, tá sé tábhachtach an cumas sin a athneartú agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil coimircí leordhóthanacha stuamachta i bhfeidhm chun an chobhsaíocht airgeadais a chaomhnú. Na hathruithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcreat urrúsaithe, ba cheart go rannchuideoidís leis na cuspóirí sin a ghnóthú agus go gcuirfidís feabhas ar chomhleanúnachas agus ar chomhlántacht an chreata sin leis na bearta éagsúla a rinneadh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19.

(5) Leis na heilimintí críochnaitheacha de chuid chreat Basel III a foilsíodh an 7 Nollaig 2017, ní chuirtear ceanglas íosrátála creidmheasa ach ar thacar teoranta soláthraithe cosanta i gcás risíochtaí ar urrúsú, eadhon ar eintitis nach eintitis cheannasacha, eintitis earnála poiblí, institiúidí ná institiúidí airgeadais eile iad atá rialaithe go stuamachta. Dá bhrí sin, is gá Airteagal 249(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú chun é a ailíniú le creat Basel III d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht scéimeanna náisiúnta ráthaíochta poiblí a thugann cúnamh do straitéisí institiúidí chun risíochtaí neamhthuillmheacha a urrúsú i ndiaidh phaindéim COVID-19.

(6) Tá creat stuamachta reatha an Aontais um urrúsú ceaptha ar bhonn na ngnéithe is comónta de ghnáth-idirbhearta urrúsaithe, i.e. iasachtaí tuillmheacha. Ina thuairim *Opinion on the Regulatory Treatment of Non-Performing Exposure Securitisations* [Tuairim ar Láimhseáil Rialála Urrúsuithe Risíochtaí Neamhthuillmheacha][16] an 23 Deireadh Fómhair 2019, chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) in iúl go mbíonn ceanglais chaipitil dhíréireacha mar thoradh ar an gcreat stuamachta reatha um urrúsú, mar a leagadh amach é i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar urrúsuithe risíochtaí neamhthuillmheacha, toisc nach bhfuil Cur Chuige na Rátálacha Inmheánacha i leith an Urrsúsaithe (SEC-IRBA) agus an Cur Chuige Caighdeánaithe Urrúsaithe (SEC-SA) comhsheasmhach le spreagaithe priacal sonracha na risíochtaí neamhthuillmheacha. Dá bhrí sin, ba cheart láimhseáil shonrach a thabhairt isteach i dtaca le hurrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha.

(7) Mar a chuir ÚBE in iúl ina thuarascáil *Report on STS framework for synthetic securitisation* [Tuarascáil maidir le creat STS um urrúsú sintéiseach] an 6 Bealtaine 2020, is gá creat sonrach um urrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe (STS) laistigh den chlár comhardaithe a thabhairt isteach. Mar gheall ar an laghdú ar phriacal gníomhaireachta agus ar phriacal samhaltaithe a bhaineann le hurrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe i gcomparáid le hurrúsú sintéiseach neamh-STS laistigh den chlár comhardaithe, ba cheart calabrú oiriúnach atá íogair ó thaobh priacal de a thabhairt isteach maidir le hurrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe, mar a mhol ÚBE ina thuarascáil. Trí níos mó úsáide a bhaint as an urrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe, arna spreagadh ag láimhseáil níos priacal-íogaire an tráinse is sinsearaí d'urrúsuithe den chineál sin, saorfar caipiteal rialála agus ar deireadh déanfar an acmhainneacht iasachtaithe atá ag institiúidí a mhéadú a thuilleadh ar bhealach a bheidh fónta ó thaobh na stuamachta de.

---

[16] https://eba.europa.eu/risk-analysis-and-data/npls

(8) Chun forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta um risíochtaí neamhthuillmheacha ar urrúsú a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún.

(9) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon cumas institiúidí a uasmhéadú maidir le hiasachtaí a thabhairt agus caillteanais a bhaineann le paindéim COVID-19 a ionsú, agus athléimneacht leanúnach na n-institiúidí sin á háirithiú san am céanna, agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a leanas:

(4) in Airteagal 249(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“De mhaolú ar mhír 2, beidh measúnú creidmheasa sannta ag IMCS aitheanta do sholáthraithe incháilithe cosanta neamhchistithe creidmheasa a liostaítear i bpointe (g) d'Airteagal 201(1), ar measúnú é atá ar céim cáilíocht 3 nó os a chionn sin.”;

(5) cuirtear isteach Airteagal 269a seo a leanas:

*“Airteagal 269a*
*Láimhseáil urrúsuithe risíochtaí neamhthuillmheacha*

1. Déanfar an t-ualú priacal maidir le suíomh in urrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 254, faoi réir íosráta 100 %.

2. De mhaolú ar mhír 1, sannfaidh institiúidí ualú priacal 100 % don suíomh urrúsúcháin sinsearach in urrúsú traidisiúnta risíochtaí neamhthuillmheacha, ar choinníoll go n-aistreofaí na risíochtaí sa chomhthiomsú lena dtacaíonn an t-urrúsú chuig SSPE, le lascaine praghais neamh-in-aisíoctha 50 % ar a laghad ar mhéid ainmniúil na risíochtaí.

3. Institiúidí nach gceadaítear dóibh de bhun Chaibidil 3 den Teideal seo a meastacháin féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid i ndáil le risíochtaí an chomhthiomsaithe, ní cheadófar dóibh SEC-IRBA a úsáid chun méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal a ríomh le haghaidh suíomh in urrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha.

4. Chun críoch Airteagal 268(1), cuirfear caillteanais ionchasacha a bhaineann le suímh in urrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha san áireamh i ndiaidh an lascaine praghais neamh-in-aisíoctha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a asbhaint agus, i gcás

inarb infheidhme, aon choigeartú sonrach breise i leith priacal creidmheasa a asbhaint.

5. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn “urrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha” urrúsú risíochtaí neamhthuillmheacha mar a shainmhínítear i bpointe (24) d'Airteagal 2 de Rialachán 2017/2402.”;

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 270:

*“Airteagal 270*
*Suímh sinsearacha in urrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe*

Na méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal d'urrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Airteagal 26a(1) de Rialachán 2017/2402, féadfaidh institiúid tionscnóra na méideanna sin a ríomh i gcomhréir le hAirteagail 260, 262 nó 264 den Rialachán seo, mar is infheidhme, i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) go gcomhlíonann an t-urrúsú na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 243(2);

(b) go gcáilíonn an suíomh mar an suíomh urrúsúcháin sinsearach.”;

(7) in Airteagal 456(1), cuirtear an pointe (l) seo a leanas leis:

**“**(l) leasuithe ar Airteagal 269a den Rialachán seo chun forbairtí ar chaighdeáin idirnáisiúnta um risíochtaí neamhthuillmheacha ar urrúsú a chur san áireamh.”

*Airteagal 2*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |